



Ról Chomhchomhlacht Maoirseachta Eurojust

Is é atá in Eurojust ná comhlacht de chuid an Aontais Eorpaigh (AE anseo feasta) a bunaíodh sa bhliain 2002 chun feabhas a chur ar éifeachtacht na n-údarás iniúil laistigh de Bhallstáit an AE le linn dóibh déileáil le himscrúdú agus le hionchúiseamh coireachta tromchúisí trasteorann agus coireachta eagraithe. Chun a chúraimí a chomhlíonadh, déanann Eurojust próiseáil ar mhéideanna suntasacha faisnéise, ar faisnéis de chineál pearsanta í go minic agus ar faisnéis í a bhaineann le daoine faoi amhras, le daoine ciontaithe, le finnétithe agus le híospartaigh na coireachta.

Is é atá sa Chomhchomhlacht Maoirseachta (CCM anseo feasta) ná maoirseoir neamhspleách a bunaíodh le

hAirteagal 23 de Chinneadh Eurojust agus a dhéanann maoirseacht chomhpháirteach ar na gníomhaíochtaí de chuid Eurojust a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta agus a áirithíonn go ndéantar na gníomhaíochtaí sin i gcomhréir le Cinneadh Eurojust. Is breithiúna, nó daoine ag a bhfuil leibhéal comhionann neamhspleáchais, iad comhaltaí an CCM (go praiticiúil, is coimisinéirí cosanta sonraí iad) agus, dá bhrí sin, tá oilteacht shuntasach acu sna réimsí a bhaineann le cosaint sonraí agus le comhar breithiúnach. Chun na cúraimí sin a chomhlíonadh, tá rochtain iomlán ag an CCM ar na comhaid go léir i gcás ina ndéantar sonraí pearsanta den sórt sin a phróiseáil. Déanfaidh Eurojust an fhaisnéis go léir as na comhaid sin a iarrann an CCM a sholáthar don CCM agus cabhróidh Eurojust leis an gcomhlacht sin ar gach modh eile le linn a chúraimí a chomhlíonadh. Is é comhlíonadh na rialacha bunchloch ghníomhaíochtaí an CCM. Dá bhrí sin, seolann an CCM iniúchtaí ar an láthair go tráthrialta agus déantar faireachán leanúnach ar na nithe a dhéantar mar thoradh ar mholtaí arna n-eisiúint sna tuarascálacha maidir le hiniúchtaí. Ina theannta sin, déanann an CCM torthaí shuirbhé bliantúil Oifigeach Cosanta Sonraí Eurojust (OCS anseo feasta) maidir le comhlíonadh a phlé léi agus tugann sé dá aire aon ní nach mór dó aird a thabhairt air lena áirithiú go bhfuil forléargas maith ann gach tráth ar chomhlíonadh laistigh den eagraíocht.

Is ionann an CCM agus áis sásaimh do OCS Eurojust i gcásanna ina n-aimsítear neamhchomhlíonadh agus nach mbeidh Coláiste Eurojust tar éis neamhchomhlíonadh na próiseála a réiteach laistigh de thréimhse réasúnach.

Scrúdaíonn an CCM achomhairc a chuirtear faoina bhráid i gcomhréir le hAirteagal 19(8) agus le hAirteagal 20(2) de Chinneadh Eurojust agus cuireann sé rialuithe i gcrích. Má mheasann an CCM nach bhfuil cinneadh arna dhéanamh ag Eurojust, nó próiseáil sonraí ag Eurojust, i gcomhréir le Cinneadh Eurojust, tarchuirfead an t-ábhar chuig Eurojust agus glacfaidh Eurojust le cinneadh an CCM. Beidh cinní de chuid an CCM críochnaitheach agus beidh siad ceangailteach ar Eurojust.

Ina theannta sin, soláthraíonn an CCM a thuairim oibleagáideach maidir leis na forálacha a bhaineann le cosaint sonraí agus atá i gcomhaontuithe nó i socruithe oibre le comhlachtaí AE nó i gcomhaontuithe maidir le comhar le tríú Stáit.

Fuair an CCM creidiúnú mar chomhalta, i gcáil údarais maoirseachta neamhspleách, de Chomhdháil Idirnáisiúnta na gCoimisinéirí Cosanta Sonraí agus Príobháideachais ag a 32ú comhdháil a tionóladh in Iosrael ar an 27-29 Deireadh Fómhair 2010. Chun feacht an phobail faoina chuid oibre a mhéadú agus chun eolas a thabhairt do dhaoine aonair faoina gcearta, tá a leathanach idirlín féin ag an CCM: www.eurojust.europa.eu/jsb.htm.

Chun tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le Rúnaíocht an CCM ag an seoladh seo a leanas:

Eurojust - **JSB Secretariat**

PO Box 16183 • 2500 BD • The Hague • Netherlands • E-mail: jsb@eurojust.europa.eu